Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►**B** ►**M2** **CINNEADH (CBES) 2022/266 ÓN gCOMHAIRLE**

an 23 Feabhra 2022

a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise ◄

(IO L 42I, 23.2.2022, lch. 109)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►**M1**	Cinneadh (CBES) 2022/628 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022	L 116	8	13.4.2022
►**M2**	Cinneadh (CBES) 2022/1908 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022	L 259I	118	6.10.2022

Arna cheartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 62, 1.3.2022, lch. 105 (2022/266)

▼B
▼M2

CINNEADH (CBES) 2022/266 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Feabhra 2022

a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise

Airteagal 1

1. Toirmeascfar earraí de thionscnamh limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia na hÚcráine a allmhairiú isteach san Aontas.

2. Toirmeascfar maoiniú nó cúnamh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann le hallmhairiú earraí de thionscnamh limistéir na hÚcráine dá dtagraítear i mír 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

▼B

Airteagal 2

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le hearraí de thionscnamh na limistéar nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1 arna gcur ar fáil d'údaráis na hÚcráine lena scrúdú agus a ndearna údaráis na hÚcráine rialú orthu agus ar eisigh Rialtas na hÚcráine deimhniú tionscnamh ina leith.

Airteagal 3

Beidh na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 1 gan dochar d'fhorghníomhú go dtí an 24 Bealtaine 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022 nó conarthaí coimhdeach is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, le tabhairt i gcrích agus le forghníomhú tráth nach déanaí ná 24 Bealtaine 2022

Airteagal 4

Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc sin a leagtar síos in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) fáil nó fadú rannpháirtíochta i réadmhaoin sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1;

(b) fáil nó fadú rannpháirtíochta in eintitis sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1, lena n-áirítear na heintitis sin a fháil go hiomlán agus scaireanna atá ann a fháil, agus fáil urrúis eile de chineál rannpháirteach;

▼B

(c) aon mhaoiniú a dheonú d'eintitis sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1,nó chun críoch doiciméadaithe eintitis den sórt sin a mhaoiniú;

(d) aon chomhfhiontar a chruthú le heintitis sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1; agus,

(e) seirbhísí infheistíochta a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den mhír seo a sholáthar.

2. Maidir leis na toirmisc i mír 1:

(a) beidh siad gan dochar d'fhorghníomhú oibleagáide ó chonarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh 23 Feabhra 2022; agus,

(b) ní chuirfidh siad cosc ar rannpháirtíocht a fhadú, más oibleagáid an fadú sin faoi chonradh a tugadh i gcrích roimh an 24 Feabhra 2022.

3. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc dá dtagraítear i mír 1.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc agus na srianta a leagtar amach san Airteagal seo maidir le gnó dlisteanach a dhéanamh le heintitis lasmuigh de na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1, ar choinníoll nach bhfuil na hinfheistíochtaí gaolmhara ceaptha d'eintitis sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 6

1. Toirmeascfar earraí nó teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ag náisiúnaigh na mBallstát, nó ó chríoch na mBallstát, nó ag baint úsáide as soithí nó aerárthaí atá faoi dhlínse na mBallstát, cibé a thionscnaítear nó nach dtionscnaítear na hearraí agus an teicneolaíocht sin ar a gcríoch,

(a) chuig aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1., nó,

(b) lena n-úsáid sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1,

in aon cheann de na hearnálacha seo a leanas:

(i) iompar;

(ii) teileachumarsáid;

(iii) fuinneamh; agus

(iv) sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola, gáis agus acmhainní mianracha.

▼B

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas a sholáthar:

(a) cúnamh teicniúil nó oiliúint agus seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí nó an teicneolaíocht sna hearnálacha dá dtagraítear i mír 1;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais maidir le haon díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú de na hearraí agus an teicneolaíocht sna hearnálacha dá dtagraítear i mír 1 nó maidir le cúnamh teicniúil nó oiliúint a sholáthar.

▼M2

2a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhlachtaí poiblí nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí ón Aontas nó ó na Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais;

(b) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais, ar comhaontú é a ngníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais ar a bhonn, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais;

(c) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas an Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó a dheimhníonn nó a aithníonn Ballstáit i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta iad, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais; nó

(d) gníomhaireachtaí speisialaithe na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

2b. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 2a, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha ginearálta agus sonracha is iomchuí leo, údaruithe ginearálta nó sonracha a dheonú maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus seirbhísí agus cúnaimh dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh sin go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear i mír 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ó aon údarú a dheonú.

▼B

3. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc a leagtar amach i míreanna 1 agus 2.

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 7

1. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, nó seirbhísí bróicéireachta, tógála ná innealtóireachta a bhaineann go díreach le bonneagar sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar fáil sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), go neamhspleách ar thionscnamh na n-earraí nó na teicneolaíochta.

▼M2

1a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhlachtaí poiblí nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí ón Aontas nó ó na Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais;

(b) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais, ar comhaontú é a ngníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais ar a bhonn, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais;

(c) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó a dheimhníonn nó a aithníonn Ballstát iad i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais; nó

(d) gníomhaireachtaí speisialaithe na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

1b. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1a agus de mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha ginearálta agus sonracha is iomchuí leo, údaruithe sonracha nó ginearálta a dheonú maidir leis an gcúnamh agus na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin go heisiach chun críoch daonnúil i limistéir na hÚcráine dá dtagraítear in Airteagal 1 nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ó aon údarú a dheonú.

▼B

2. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú, go dtí 24 Lúnasa 2022, conarthaí a tugadh i gcrích roimh 23 Feabhra 2022 ná do chonarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

3. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Airteagal 8

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 5(1), 6(2) agus 7(1) agus i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 6(1), ar choinníoll:

(a) go bhfuil gá leo chun críocha oifigiúla mhisin chonsalacha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus atá lonnaithe sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1; nó

(b) go mbaineann siad le tionscadal a thacaíonn go heisiach le hospidéil nó le hinstitiúidí sláinte poiblí eile a chuireann seirbhísí leighis ar fáil nó le saoráidí oideachais sibhialtacha atá lonnaithe sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1; nó,

(c) gur fearais nó trealamh míochaine iad.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh siad is iomchuí, údarú a thabhairt freisin maidir le hidirbheart i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), ar choinníoll gur chun críche cothabhála é an t-idirbheart chun sábháilteacht an bhonneagair atá ann cheana a áirithiú.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt freisin i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 6(2) agus 7, i gcás inar gá díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-ítimí nó cur i gcrích na ngníomhaíochtaí sin chun imeacht ar dócha go mbeidh tionchar suntasach tromchúiseach aige ar shláinte agus sábháilteacht an duine, lena n-áirítear sábháilteacht an bhonneagair atá ann cheana, nó ar an gcomhshaol, a chosc nó a mhaolú go práinneach. I gcásanna éigeandála a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú dul ar aghaidh gan údarú a fháil roimh ré ar choinníoll go gcuirfeadh an t-onnmhaireoir an t-údarás inniúil ar an eolas laistigh de chúig lá oibre tar éis an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a bheith déanta, ina dtabharfaí mionsonraí faoin údar ábhartha leis an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú gan údarú a fháil roimh ré.

Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi na bearta a ghlacfar faoin mír seo agus roinnfidh siad aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh.

Airteagal 9

1. Toirmeascfar seirbhísí a chur ar fáil a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireacht sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 1, ag náisiúnaigh de chuid na mBallstát, nó ó chríocha na mBallstát, nó trí shoithí nó aerárthaí atá faoi dhlínse na mBallstát a úsáid.

▼B

2. Beidh na toirmisc a leagtar amach i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú, go dtí 24 Lúnasa 2022, conarthaí a tugadh i gcrích roimh 23 Feabhra 2022 ná do chonarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

3. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 10

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí 24 Feabhra 2023.

Coimeádfar an Cinneadh seo faoi athbhreithniú go leanúnach. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.